Curaclam
Thuaisceart Éireann

A Bheith Cruthaitheach

Is maith liom a bheith ag smaoineamh ar rudaí nua le déanamh.

Déanaim iarracht a bheith samhlaíoch oiread agus a thig liom, le go mbeidh smaointe maithe agam.

Tá a fhios agam go bhfuil sé maith go leor má tá na smaointe agam féin difriúil le smaointe daoine eile.

Tig liom an nasc idir rudaí éagsúla a oibriú amach.

Is maith liom rudaí a thriail le teacht ar an fhreagra.

Nuair a bhíonn tasc le déanamh agam, is maith liom a bheith ag fáil amach faoi.

Tá a fhios agam gurb é an dóigh is fearr le foghlaim a dhéanamh ná triail a bhaint as rudaí éagsúla lena fháil amach an bhfuil an ceart agam.

Tá a fhios agam go mbíonn orainn in amanna rudaí a thriail roinnt uaireanta sula n-éireoidh linn.

Sílim go bhfuil sé an-suimiúil nuair a tharlaíonn rudaí nach raibh mé ag súil leo.

Déanaim mo chuid smaointe a roinnt leis na páistí eile i mo rang le go dtig linn an plean is fearr a dhéanamh i gcomhar a chéile.

Eochairchéim 1 © CCEA 2010

Labhairt faoi Smaointeoireacht
Smaointeoireacht a Dhéanamh Follasach